

• An Lúibín •

7 Márta 2005



Mná Dé

The relationship between Aborigines and Irish in this country was not always a smooth one, but the latter showed themselves on occasion very capable of defending Aboriginal rights. Pat Jacobs has written of the extraordinary work of the Sisters of St John of God, an Irish order, in the Kimberleys.

Nuair a scríobhfar stair iomlán an chaidrimh, idir mhaith agus olc, a bhí ag na hÉireannaigh agus na Bundúchasaigh ar a chéile, ní fhéadfar na mná rialta a fhágáil as an áireamh. Músclaíodh an smaoineamh seo tar éis alt le Pat Jacobs sa chéad eagrán de *The Australian Journal of Irish Studies* a athléamh. *Exiles in the Wilderness* is teideal dó, agus cuireann an t-údar síos ar mhná rialta de chuid Ord Naomh Eoin Dé, a tháinig go dtí an Astráil Thiar sa bhliain 1907.

An tAthair Matthew Gibney a thug anall iad, fear misniúil a bhí ann ón mbliain 1863 agus a sheas an fód ar son na mBundúchasach. Tharraing sé aghaidh chraois an phobail bháin air féin, go háirithe nuair a bheartaigh sé ar mhisean a chur ar bun ag Beagle Bay sna Kimberleys, áit a raibh grásaeireacht agus iascaireacht phéarlaí ag dul i neart, agus sclábhaithe á ndéanamh de Bhundúchasaigh na háite. D'éirigh leis cúnamh a fháil ó Ord Naomh Eoin Dé in Éirinn; sa bhliain 1907 tháinig deichniúr acu agus seisear nuasachán ina measc, cultacha troma dubha orthu go léir, gan taithí ar bith acu ar an teas uafásach, agus bail ainnis ar thithe an mhisin rompu. (Ní dóichíde rud de ná go raibh Gaeilge ó dhúchas ag cuid acu: as Contae an Chláir dá lán acu nuair ba Ghaeltacht fós é, ach ba é an Béarla teanga an Oird.) Ní raibh airgead acu ná móran áiseanna, ach deir Jacobs gur fháiltigh na Nyul Nyul rompu tar éis na drochíde go léir a fuair siad ó iascairí péarlaí agus eile.

Na mná agus na cailíní a bhí faoi chúram na mban rialta; misinéirí fir ón nGearmáin, na Bráithre Pallaitíneacha, a bhí i bhfeighil na bhfear agus na mbuachaillí, agus bhí na mná rialta ag brath go mór ar na bráithre i gcomhair bia, bróg agus gach rud eile. Na Spáinnigh agus na Francaigh a bhí ann ina misinéirí roimhe sin; bhí Fraincis fós ag cuid de na seandaoine i measc na Nyul Nyul. Bhí saghas coimhlinte cultúrtha idir na mná rialta agus na Pallaitínigh - na 'Paddies' agus na 'Bismarcks'.

Bhí féith an cheoil sna Nyul Nyul, agus traidisiún fada deasghnáth acu; dá bhrí sin, a deir Jacobs, bhí lé acu le cleachtadh foirmiúil an Chaitleachais - an tAifreann mór, Beannacht na Naomh-Shacraiminte - agus ba chúis bhróin dóibh imeacht na Laidine. Caitleachas an-Eorpach a bhí i gceist, agus chuir na Pallaitínigh féin cór oilte ar bun chun seancheol casta na hEaglaise a chanadh.

Bhí a dteanga féin ag na Nyul Nyul fós nuair a tháinig na misinéirí, agus deireadh na seandaoine iomainn sa tseanteanga sa séipéal; ach ní raibh suim ar bith ag na mná rialta i gcaomhnú agus i neartú an dúchais sin. B'in an aigne a bhí acu ag an am; a mhalaírt de scéal a bheadh ann anois. Béarla na hÉireann agus amhráin na hÉireann a múineadh do na páistí, agus ba mhór an lá acu Lá 'le Pádraig. (San am céanna bhí na bráithre ag iarraidh Gearmánaigh a dhéanamh de na buachaillí.) Ar an taobh eile de, tá cur síos ag Jacobs ar an meas a bhí ag na Nyul Nyul ar na hÉireannaigh mná úd a thug oideachas agus grá dóibh, a chuaigh ina bpáirt, agus a chuir in iúl

dóibh go raibh siad lán chomh maith le haon duine eile. Níor theagasc é a thaitin le huaisle bána na háite (toisc é a bheith ag cothú mórchúise sna *natives*), ach ba chuma leis na mná rialta, daoine nach raibh cumhacht shaolta acu ach a bhíodh ag baint an bhoinn ón gcumhacht chéanna go dtí gur tháinig deireadh leis an misean go gairid tar éis an Dara Cogadh Domhanda.

Is trua go raibh difríocht chomh mór sin idir dearcadh na mban rialta agus dearcadh an tsaoil a bhí ina dtimpeall, rud a chuir isteach ar a gcuid daltaí agus iad ag iarriadh dul chun cinn. Tháinig iomppú bisigh, áfach; agus, más maith olc linn é, d'éirigh leis na mná sin lorg na hÉireann a fhágáil ar na bpriomhchultúir ar fáisceadh pobail chomhaimseartha na háite astu.

'Exiles in the Wilderness: The Pioneer Irish Nuns of St John of God, Beagle Bay and Broome, Western Australia, 1907-1940's,' le Pat Jacobs in *The Australian Journal of Irish Studies*, eag. Bob Reece, Imleabhar 1, 2001, Lárionad an Léinn Éireannacha, Murdoch University.



### Milis an teanga

*The various television series on the English language – a fascinating subject – provoke one to ask if something similar could be done for Irish. Like English, it spread halfway round the world (though without the same astonishing success), and was spoken for generations in parts of America and Australia; and it has (at last) a future.*

Tá claonadh ag lucht teilifise na Breataine (bail ó Dhia orthu agus nár lagaí Dia a lámh) chun cláir a dhéanamh i dtaobh stair an Bhéarla, scéal is maith leo a ríomh siar go bun, ag léiriú athrú, mhéadú, shaibhriú agus leathnú na teanga. Déantar corrthagairt do mheath na Gaeilge mar chuid de bhorradh an Bhéarla, agus sin an méid.

Ní deacair clár a dhéanamh faoi theanga atá ag slogadh an domhain. Ar eagla, áfach, go ndéanfaí talamh slán de gurb ionann méid agus miotal, b'fhiú roinnt clár a dhéanamh faoi theanga a ndearnadh gaisce tríthi ó thíos agus a scaipeadh chomh forleitheadúil leis an mBéarla, cé nach raibh an rath céanna i ndán di. Nár bhrefá an cuimhneamh *The Story of Irish* a chur os ár gcomhair?

Is beag aird a thugtar ar chúrsaí teanga sna cláir a dhéantar faoi stair na nÉireann agus na nÉireannach (*The Irish Empire, Year of the French* agus eile). Ní deacair an neamhshuim sin a thuiscint. Ní hionann Éireannachas agus Gaeilge, agus bhí ar na himircigh teanga eile a ghlacadh chucu chun a mbealach a dhéanamh thar lear. Ar an taobh eile de, ní bhfuair an seandúchas bás nuair a tháinig sé i dtír ar an trá thall; bhí a rian fós ar aigne agus ar dhearcadh na n-inimirceach, agus bhí (agus tá) an Ghaeilge beo i gcónai, rud a fhágann nach seandálaíocht chultúrtha ar fad atá i gceist anseo, ach léiriú ar rud atá ina nasc beo idir an saol a bhí agus an saol atá fós ann. Ach is beag tagairt a dhéantar dá leithéid agus impireachtaí Éireannacha á bplé; rud a bhfuil baint aige le haineolas na léiritheoirí féin ar an nGaeilge agus ar a stair.

Cláir Bhéarla a bheadh i gceist dá ndéanfadh RTÉ sraith i dtaobh stair na teanga, rud a chinnteodh go bhfaigheadh Béarlóirí sa bhaile agus i gcéin léargas ar scéal a ceileadh ar a bhformhór roimhe sin. Dá ndéanfaí (agus níor tháinig deireadh le míorúiltí fós) bheadh glaoch ar an toradh, go háirithe dá n-éireodh leis na léiritheoirí cloighthithe, seamróga agus sean-nathanna a sheachaint agus síriú ar an scéal go seiftiúil agus le samhlaíocht.



### Ó na nuachtáin Ghaeilge

*TG4 to be shown via satellite TV*

Scéal ag Conchabhar Ó Liatháin ar Lá faoi TG4, atá ag súil go mbeidh teacht ag an stáisiún ar sheirbhís saitilíte Sky faoi mhí Aibreáin. Beidh sé le fáil i dTuaisceart Éireann go hanalógach (craoladh a gealladh seacht mbliana ó shin), ach beidh deireadh leis an tseirbhís analógach sin sa bhliain 2011. Rinne an tseirbhís chábala NTL agus RTÉ margadh le chéile chun go mbeadh RTÉ1 agus RTÉ2 ar NTL, agus gan aon socrú déanta i ngeall ar TG4. Dóigh mhíshástacha é sin, cé nach bhfuil ach 40,000 duine ag féachaint ar NTL ó thuaidh. Deirtear go bhféadfadh scéal Sky dlús a chur le TG4 a chur ar fáil ar Freeview, seirbhís shaor saitilíte an BBC.

*Ireland: nation of immigrants*

Scéal le Máirín Ní Mhárta ar *Foinse* faoi inimircigh ó thíortha nua an AE: beagnach 64,000 acu a tháinig thar tir isteach ó mhí na Bealtaine, agus as an bPolainn dá leath. Tugtar uimhir phearsanta seirbhíse poiblí dóibh, rud a chuireann ar a gcumas cabhair agus eolas a fháil ó Ranna rialtais mar na Boird Shláinte. Ní féidir leas sóisialach a fháil gan í, ná ceadúnas tiomána. Agus seo na figíúirí: an Pholainn 29,731, an Liotuáin 13,439, an tSlóibhaic 5,889, Laitvia 6,885, an Ungáir 2,029, an Eastóin 1,842, Málta 152, an tSlóibhéin 75, an Chipir 26.

*An tAire Ó Cuív ag cur síos ar mhúineadh na Gaeilge:*

Ar ndóigh tá a fhios agam go bhfuil go leor gasúir ag fágáil na scoile agus gan iad in ann comhrá ceart a dhéanamh trí Ghaeilge. Níl sé seo sásúil. Tá lucht labhartha na Gaeilge bréan de bheith ag rá go bhfuil sé seo go hiomlán doghlactha, go háirithe nuair a chuireann muid na daltaí sin i gcomparáid le daltaí sa bhFrainc abair, nó sa Spáinn, nó an Ghearmáin &rl, áit a gcríochnaíonn siad an méid céanna staidéir ar an mBéalra le cumas labhartha Béarla acu.

◆◆◆◆◆◆◆◆◆◆

## Hibernia Latina (2)

From the 6<sup>th</sup> century there was fairly continuous Irish missionary activity on the continent. Monasteries and hospices were founded, scholarship encouraged, Latin of a classical purity cultivated. Though Latin works of a pious or grammatical nature were favoured, the great pagan writers were not forgotten.

Ipse tuae liquidis rector sit navis in undis  
Aequore nubiferi devectum flatibus euri  
Reddat ad optate scottorum littora terrae....

*Go raibh an Tiarna féin ina stiúrthóir ar do long ar muir, ag soladh le gaoth anoir tríd an gceo, ag filleadh ar an áit is ansa leat, tír na nGael...*

Colmán áirithe a scríobh na véarsáí sin ar an Mór-Roinn, agus Colmán eile á cheiliúradh aige, fear óg a raibh a aghaidh ar an mbaile. Fuarthas an dán i lámhscrióbhinn de chuid an 9ú haois ag Rheims, agus shíl Kuno Meyer gur san aois sin a scríobhadh é: bhí flúirse Gael sa Fhrainc ag an am.

An cuspóir céanna a bhí ag an dá Cholmán agus iad ag teacht aniar ar dtús – teagasc Dé a scaipeadh agus a bhuanú i gcríocha a bhí ina ghátar; bhí lorg na Róimhe fós ann, agus cultúr eile anuas air a thug na treibheanna Gearmánacha isteach leo nuair a chlis an impireacht. Manaigh as Éirinn a bhunaigh mainistreacha agus scoileanna, agus a líon leabharlanna le lámhscríbhinní

diaga agus neamhdhiaga. B'fhearr leo ábhar Críostaí, ach ní raibh siad dall ar ábhar eile: tá lorg Veirgil go soiléir ar véarsaí úd Cholmáin, agus fuair na seanfhilí Laidine dídean i dteach Dé.

Sa 6ú haois a thosaigh an imirce seo; tharla imirce mhór eile sa 9ú haois le linn na Lochlannach, agus ceann eile fós sa 12 haois. Leis an gcéad imirce a bhain Columbán, a rugadh i gCúige Laighean am éigin roimh an m bliain 545, agus chaith tamall ina mhanach ag Beannchar. Timpeall na bliana 590, nuair a bhí sé caoga bliain d'aois, thug sé féin agus scata compánach a n-aighaidh ar an bhFrainc, mar a ndeachaigh sé i bhfeidhm go mór ar na daoine. Scríobh sé, más fíor, litir chun an Rí Thuederic á fheannadh as a shaol mallaithe, rud ba chúis lena dhíbirt. Faoi dheireadh tharla san Iodáil é, áit a bhfuair sé bronntanas talún agus ar bhunaigh sé mainistir mhór Bobbio. Scríobh Columbán dáonta i Laidin, ach is dóigh gurbh é a chuid próis is mó a chuaigh i bhfeidhm ar a chomh-mhanaigh – litreacha agus searmónacha i Laidin chruinn a bhí breac le sleachta as saothair phágánacha agus saothair dhiaga, á áiteamh ar lucht Dé go mbeidís 'cautus in verbo, promptus in opere; amabilis probis, squalidus dishonestis, lenis infirmis, durus stolidis, rectus erectis, humilis deictis; sobrius ubique, castus ubique, pudicus semper'.

Rinne Columbán mórán chun cultúr na Laidine a choinneáil beo, agus mhúnlaigh sé saol na mainistreach san Eoraip i dtreo gur fhan siad neamhspleách ar na húdaráis ar feadh na gcéadta bliain. Scríobh Éireannach eile, Adhamhnán Oileán Í, beathaisnéis Cholumbáin, cé gurbh é atá i gcuid mhaith di ná *exemplae*, scéalta diaga a chuirfeadh ag cuimhneamh ar d'anam thí. Rug stoirm ar Cholumbán agus ar a chuid manach lá agus iad amuigh ar an bhfarraige; d'iarr na manaigh ar a gceannaire Dia a ghuí ar a shon.

Mirum dictu, eodem horae momento, quo Sanctus, in prora stans, extensis ad coelum palmis, Omnipotentem exoravit, tota aeris tempestas et maris saevitia, dicto citius sedata, cessavit, et statim serenissima tranquillitas subsecuta est.

*Iontach le rá, nuair a sheas an Naomb i dtosach an bháid, a lámba sínte i dtreo na bhflaitheas agus é ag agairt Dé uilechumbhacthaigh, a luaithe a rinne sé é mbaolaigh an anfa agus gairbhe na farraige, agus bhí ciúnas an-suaimhneach ann láithreach.*

Trí scéalta Laidine den saghas seo d'éirigh leis na hÉireannaigh iad féin a chur in iúl don chuid ba léannta den Eoraip; agus ba iad na hÉireannaigh féin, mórán, a mhúin dóibh conas na scéalta sin a léamh.

Dá mbeadh amhras ar aon duine faoi fheabhas na Laidín a bhí á múineadh in Éirinn ina dhiaidh sin bheadh cruthú an scéil aige i saothar Sedulius Scottus, scoláire a chnag ar dhoras Hartgar, easpag Liège, am éigin roimh 850, agus a thug leis léann ba dheacair a shárú. Ba ghearr go raibh sé ina múinteoir (*scholasticus*) i scoileanna na hardeaglaise agus aithne aige ar uaisle na háite. Bhí ciall don ghreann aige, agus ní dhiúltaíodh sé do dheoch, mar a chuir sé in iúl go minic le línte greanta:

Cum medus atque cres, cum Bacchi munera desint  
Heu quam multiplicis defit substantia carnis  
Quam mitis tellus generat quam roscidus aether...

*Nuair atá meá ag teastáil, agus leann Chéiréas, agus féiríni Bhacais; faraor, agus an oiread sin ábhair in easnmhorm, rudá a ghuineann an itheir shéimh agus an t-aer thais.*

Ach níorbh é sin bun agus barr an scéil, mar bhí sé in ann dáonta áille diaga a chumadh, ar nós an chinn seo i dtaobh theacht na Cásca.

Surrexit Christus sol verus vespere noctis  
Surgit et hinc domini mystica messis agri  
Nunc vaga puniceis apium plebs laeta labore  
Floribus instrepitans publite mellia legit...

*D'éirigh an fhíorghrian Críost ar maidin; ag éírí dó léiriódh fómhar mistiúil ghort Dé; anois imíonn treibh fháin na mbeach leo, ag bailiú meala go glórach ó bhláthanna corcra go saothrach soilbhír amuigh.*

*Ar leanúint.*

◆◆◆◆◆◆◆◆◆◆

## CEOL The Frames

*Contemporary music from Ireland – one of the best known indie bands: the dates are below.*

**Banna Éireannach a bhfuil an-ghlaoch ar a gcuid ceoil bhinn dhubhaigh chomhaimseartha.  
Bhí siad anseo cheana, agus thaitin a seo le móran. Beidh teacht orthu mar a leanas:**

Dé hAoine 25	East Coast Blues & Roots Festival	Byron Bay
Dé Sathairn 26	The Zoo	Brisbane
Dé Céadaoin 30	Metro Theatre	Sydney
Déardaoin 31	Prince of Wales	Melbourne
Dé hAoine 1	Fly By Night	Perth

◆◆◆◆◆◆◆◆◆◆

**Mura mian leat An Lúibín a fháil, cuir teachtaireacht chun: [colger@melbpc.org.au](mailto:colger@melbpc.org.au).**

Colin Ryan